AMÁRAĊ

3d

Guṫ na Gaeltaċta

Foillsiṫe gaċ Diardaoin.
Nuaċtán seaċtainiúil na Gaeltaċta.
Aḃar fógraíoċta agus eagarṫóireaċta ċuig:— AMÁRAĊ, Ceanannus Mór.

Iml. 11. Uim. 32. 17ú Meán Fóṁair. 1965.

Eagarḟocal. 17-9-1965

SCOLTAĊA MÓRA

TÁ ROINN AN OIDEAĊAIS ag stad de ṫógáil scoltaċa beirt-oidí, nó scoltaċa le dá ṡeomra ranga. Sin é an scéala is deireannaí a noċtaíoḋ don ṗobal. Ó seo amaċ, is cosúil gur scoltaċa le trí seomraí, sin scoltaċa a mbeaḋ triúr oidí ag obair iontú, a ḃéas dá dtógáil. Is ionann seo agus naċ dtógfar na scoltaċa é seo amaċ aċ san áit a mbeiḋ roinnt ṁaiṫ scoláirí le teaċt orṫa, agus go dtaḃarfar gléasanna taisteal do na scoláirí óna ceantair eile le daonra níos lú.

IS AṪRÚ É SEO, AGUS IS AṪRÚ é a ċuireas brón agus cúṁa ar roinnt ṁaiṫ daoine, nó, insan taoḃ ṫiar den tír, agus go speisialta ins na ceantair Gaeltaċta, fuair an ċuid is mó den ṗobal a gcuid oideaċais i scoltaċa aon-oide nó scoltaċa beirt-oidí. Agus gan aṁras, tugaḋ ard oideaċas i gcuid ṁór ṁór de na scoltaċa seo. Ní h-íontas go mbeaḋ cúṁa agus buaireaṁ ar ḋaoine go ḃfuilṫir le deireaḋ a ċur leo. Aċ, san am ċéanna, caiṫfear a ġlacaḋ gur céim insan treo ċeart é, nó, tá cúrsaí oideaċais ag éirí níos casta agus níos iomláine bliain ar ḃliain, agus tá sé deacair na rudaí go léir atá ag teastáil ó scoláirí an am atá le teaċt, a ċur dá ṫeagasc i scoil naċ ḃfuil ann aċ beirt oidí.

CAIṪFEAR, MAR SIN, féaċaint ar an am atá le teaċt. Aċ is ceist le plé, an leor an dearcaḋ píosa ar ṗíosa, is bunús le polasaí Roinn an Oideaċais. Cinnte go leor, tá scoltaċa triúr-oidí níos fearr ná scoltaċa beirt, aċ, an leor iad, nó naċ fearr i ḃfad tosaiġ ag pleanáil anois fá ċoinniḃ scoil lár do gaċ paráiste. Scoil ina mbeaḋ seisear nó seaċtar oidí; duine do gaċ rang, agus ina ḃféadfaḋ gaċ oide, cúram ar leiṫ a ḋéanaṁ dá rang féin, agus oideaċas a ṫaḃairt dá réir. Ní leor, ar ċor ar biṫ, a rá, "stadfaimíd de ṫógáil scoltaċa beirt oidí, agus ní beiḋ ann feasta aċ scoltaċa triúr oidí." Caiṫfear dul an tslí ar fad agus a rá gur scoil lár do gaċ paráiste ḃeas ann.

AĊ, AR NDÓIĠE, NÍ LEOR É SIN. Níl ansin aċ taoḃ aṁáin den scéal. Le glacaḋ leis an polasaí seo ċor ar biṫ, caiṫfear a ḋéanaṁ cinnte do, go mbeiḋ caoi oideaċais le fáil ag gaċ uile scoláire sa tír, agus go h-áiṫrid, ag gaċ uile scoláire insan Ġaeltaċt. Caiṫfear an dearcaḋ a bí ag Aire Oideaċais (atá imiṫe anois a ġlanaḋ amaċ as Sráid Ṁaolḃríde; sé sin a d'ḟág scoláirí i Rosmuc, i lár fíor-Ġaeltaċt Ṫírċonaill, agus in áiteaċa eile, gan oideaċas ċor ar biṫ, muna mbeaḋ siad sásta dá ṁíle go leiṫ, nó trí ṁíle do ḃealaċ sléiḃe a ṡiúl, maidin agus tráṫnóna. Caiṫfiḋ Roinn an Oideaċais a ṫaispeáint go soiléir gur ḟág siad an dearcaḋ seo fá rialaċa páipéir dá ndéanaṁ féin, ar gcúl, sula mbeiḋ an tír sásta go ndruidfí na scoltaċa aon-oidí agus na scoltaċa beirt-oidí. Caiṫfear a ċinntiú, is cuma cé ṁéid páistí atá ann, go mbeiḋ oideaċas le fáil acu i scoltaċa na tíre. Caiṫfiḋ pobal na tíre a beiṫ cinnte de, naċ rialaċa beaga páipéar a ḃéas ag stiúraḋ polasaí oideaċas feasta, aċ an rud is fearr do scoláirí na tíre.

MÁ TÁ AN DEARCAḊ SIN A' DUL a beiṫ i Roinn an Oideaċais feasta, agus seans go m'ḟéidir go dtiocfaḋ an dearcaḋ sin leis an stiúrú atá ar Roinn an Oideaċais anois, béifear sásta go ndúnfaí na scoltaċa aon-oidí, agus na scoltaċa beirt-oidí, agus tuilleaḋ, agus go mbeaḋ scoil lár do gaċ paráiste, agus gléas taisteal ó aċan ċuid den ṗaráiste a ṫaḃairt isteaċ ċuig an scoil lár sin. Céim sa treo ceart a ḃeaḋ ansin, a ċuirfeaḋ árd oideaċas ar fáil do ṗobal na tíre, agus fáiltímíd roiṁe.

IS MIṪID SCRÚDÚ COINSIASA FA'N ĠAELTAĊT

Aiṫeasc Ṗádraig Uí Ḟaċtna, T.D., Rúnaí Pairliminte Aire na Gaeltaċta, ag Cúrsa Ċonraḋ na Gaeilge i mBaile Ġib, Co. na Mí, 11 Meán Fóṁair, 1965.

Is maiṫ liom an deis seo a beiṫ agam ċun labairt le Treoraiṫe ón Eagras is sine agus is mó táḃaċt dá ḃfuil ag obair ar son aṫbeoċan na Teanga. Is móide mo ṡuim san ócáid seo an t-áḃar atá le plé againn inniu—an ċaḃair is féidir do Ċonraiṫeoirí a ṫaḃairt don Ġaeltaċt—agus, dá n-abrainn é. an ċaḃair is féidir don Ġaeltaċt a ṫaḃairt do Ċonraiṫeoirí.

Measaim ar an gcéad dul síos gur miṫid dúinne, Conraiṫeoirí, scrúdú coinsiasa a ḋéanaṁ féaċaint an ḃfuil aird mar ba ċóir á ṫaḃairt againn ar an nGaeltaċt san iarraċt atá á ḋéanaṁ againn d'ḟonn an Ġaeilge a aṫbeoċan.

I dtús na raṫbeoċana, faoi mar is eol dúinn uile, bí ceangal réasúnta dlúṫ idir craoḃaċa an Ċonarṫa agus na Gaeltaċtaí is mó táḃaċt sa tír agus bí cainteoirí dúċais den ċéad scoṫ gníomaċ go maiṫ in imeaċtaí an Ċonarṫa.

De réir mar a ċuaiġ múineaḋ na teanga ar agaiḋ, áfaċ, sna scoileanna lasmuiġ den Ġaeltaċt lagaíoḋ an ceangal sin agus le tamall maiṫ anuas anois níl páirt mar ba ċóir á glacaḋ ċor ar biṫ ag cainteoirí dúċais in imeaċaaí an Ċonarṫa laistiġ ná lasmuiġ den Ġaeltaċt.

De réir mar a ḟeicimse an scéal, bí dá ṗríoṁ-ċuspóir ag an gConraḋ nuair a bunaíoḋ é—foġlaim na Gaeilge a ċur ċun cinn agus pobal na hÉireann a ġríosaḋ ċun an teanga a úsáid. Níl an táḃaċt ċéanna a tuilleaḋ leis an gcéad ċuspóir díoḃ siúd anois ó ṫárla go ḃfuil an teanga á múineaḋ go maiṫ sna scoileanna. Ina ċoinne sin, is táḃaċtaí ná riaṁ an dara cuspóir ó ṫárla go ḃfuil líon mór daoine ann anois a ḃfuil eolas acu ar an nGaeilge aċ naċ mór a beiṫ á ngríosaḋ de ṡíor ċun í a labairt.

I dtaca le ceist úd an ġríosaiṫe de, sílim gur ansin is mó a rinneamarna, Conraiṫeoirí, failli sa Ġaeltaċt as ṁéid nár riṫ sé linn go raiḃ oiread gá le gríosaḋ agus misniú laistiġ den Ġaeltaċt is a ḃí lasmuiġ. Ní hionann i gcónaí eolas a beiṫ ag duine ar an nGaeilge agus fonn a beiṫ air í a labairt. Is é an meas a spreagann an fonn agus b'ḟéidir gur orainn féin atá an loċt má tá daoine sa Ġaeltaċt naċ ḃfuil an meas ceart acu ar an nGaeilge. Ní hé leas na Gaeilge é, laistiġ ná lasmuiġ den Ġaeltaċt, go mbeaḋ an scéal mar sin feasta. Cad is féidir a ḋéanaṁ?

TUILLEAḊ CRAOḂAĊA

Is léir, sílim go gcaiṫfear cur go mór le líon na gcraoḃaċa atá ag an gConraḋ sa Ġaeltaċt agus go gcaiṫfear na craoḃaċa sin a neartú ar gaċ bealaċ is féidir le go mbeiḋ siad ar fáil mar áis ġríosaiṫe ċun meas pobal na Gaeltaċta ar an Ġaeilge a ċotú. Beiḋ treoir ag teastáil ó na craoḃaċa sin go ceann i ḃfad agus is ar ḃur leiṫéidí, treoraiṫe an Ċonarṫa, a ḃeifear ag braṫ ċun an treoir sin a ṫaḃairt.

An té a ḃeaḋ ag iarraiḋ comairle a ċur ar ṁuintir na Gaeltaċta sna cúrsaí seo áfaċ, níor ṁór tuiscint anṁaiṫ a beiṫ aige do léargas ṗobal na Gaeltaċta i leiṫ na teanga agus do na faḋbanna sóisialta agus eacnamaíoċa atá ag cur as dóiḃ.

Má tá lag-ṁisneaċ ar ċuid de ṁuintir na Gaeltaċta i láṫair na huaire tá a gcúiseanna féin acu leis sin agus ba ċóir na cúiseanna sin a ċur san áireaṁ nuair a ḃeifí ag taḃairt comairle dóiḃ.

FÍOR TÁḂAĊTAĊ

Tá sé fíor-ṫáḃaċtaċ go gcuirfí feaḃas ar ċúrsaí eacnamaíoċta na Gaeltaċta agus go gcuirfí tuilleaḋ fostaíoċta ar fáil do na daoine ann aċ ní leor an méid sin ċun an Ġaeilge a ċaoṁnú: ċuige sin ní mór do Ċonraiṫeoirí an ruaig a ċur ar aon aṁras atá ar ṁuintir na Gaeltaċta faoi ḋáiríreaċt ṗobail na hÉireann maidir le haṫbeoċan na teanga. Is í an dáiríreaċt sin is mó a raċaiḋ i gcion ar ṁuintir na Gaeltaċta agus is ceart cuiṁneaṁ air sin i gcónaí.

(Ar lean. ar leaṫ. 3)

ESTÁIT TIONSCAĊ DO ĊAṪAIR NA GAILLIṀE

CAṪAIR NA GAILLIṀE ATÁ I GCEIST DON EASTÁIT TIONSCLAĊ I NGAILLIṀ, AGUS NÍ ÁIT AR BIṪ EILE SA ĊONDAE, FÉ MAR CEAPAḊ AR TÚS.

Tá fáilte ṁór roiṁ an scéal insan ċaṫair, áit a ḃfuil an ċoiste tráċtála ag cur fó-ċoiste ar leiṫ ar bun le có-oibriú leis an eastáit tionsclaċ.

Tá áṫas ins na baile móra fríd an ċondae ċoṁ maiṫ, mar ceaptar má ṁéadíotar caṫair na Gaillṁe agus má bíonn breis obair le fáil ann, go gcaiṫfiḋ sé tairḃe a ḋéanaṁ do na bailte móra eile ċoṁ maiṫ

Aċ níl aon tuairisc go ḃfuil sé i gceist aon socrú ar leiṫ a ḋéanaṁ don Ġaeltaċt, nó go ḃfuilṫear ag smaoineaṁ ar an Ġaeltaċt ar ċor ar biṫ.

Más rud é go ḃfuil an estáit tionsclaċ le bunú i nGaillim, sa ċaṫair, ba ċeart go mbeaḋ áireaṁ déanta láiṫreaċ ar cuid oibriṫeoirí Ċonamara agus go mbeaḋ sé sin ar fáil fá ċoinniḃ oibriṫe a ṡoláṫar don eastáit tionsclaċ i nGaillim, agus ḃeaḋ mórán mór socraiṫe le déanaṁ fá cúrsaí taistil agus tiṫíoċt amaċ anseo, do Ġaeilgeoirí san ċaṫair.

Ceapfaḋ duine gur sin an cineál oibre a ḃeaḋ ar siúl ag Roinn na Gaeltaċta. nó ag Stiúrṫóir na Gaeltaċta san Iarṫar, aċ níl aon ċuma go fóill go ḃfuilṫear ag glacaḋ cúram ar biṫ leis an ṗolasaí seo a molaḋ i ḃfad ó ṡin in AMÁRAĊ a ċur i ḃfeiḋm.

Ní ṁór tosaiġ láiṫreaċ ar áireaṁ de oibriṫeoirí Conamara, idir na daoine sa ḃaile agus na daoine ṫar sáile, a ḃeaḋ réiḋ le teaċt aḃaile go tapaí ċun obair a ġlacaḋ i nGaillim. Ansin, ċaiṫfí socrú a ḋéanaṁ fá bus oibriṫe ó Iarṫar Ċonamara, leis na h-oibriṫeoirí a ṫaḃairt isteaċ ar maidin, agus aḃaile tráṫnóna.

Ní h-aon rud ró ṁór é sin. Is minic go dtugtar oibriṫeoirí 30 agus 40 agus 50 míle ar ġléasanna taisteal insan Ḃreatain Ṁór. Agus más rud naċ ḃfuilṫear ċun tionscail móra a ḃunú i gConamara. níl bealaċ ar biṫ eile leis an pobal a ċoinneáil ansin, aċ aṁáin gléas taisteal a ṫaḃairt díoḃa go dtí obair buan tairḃiúil i gcaṫair na Gaillṁe.

Tá seans ann anois do Ċonamara san ċaoi seo, an ḃfuil an seans dá ġlacaḋ?

ÓSTAN DO LITIR CEANAINN — NA ROSSA MALL

AN SCÉALA AN TSEAĊTAIN SEO CAITE, GO RAḂṪAR LE TEAĊ ÓSTA, AR ĊOSTAS £100,000 A ṪÓGÁIL I LEITIR CEANAINN, ĊUIR SÉ DAOINE FÁ NA ROSA, AG MAĊNAṀ.

Is fada, fada é na scéal go ḃfuil géarġá le teaċ ósta mór den ċineál seo, ar an Ċloċán Liaṫ, agus dá mbeaḋ a leiṫéid ann, uair aṁáin, ní hé aṁáin naċ ndéanfaḋ sé doċar, aċ líonfaḋ sé leaṫ dosaen eile de ġnáċ tiṫe ósta, leis an méid cuairteoirí breise a ṫarraingeoḋ sé go dtí ceantar álainn na Rosa. agus Iarṫar Ḋún na nGall.

Anois, tá an tIarṫar indiaiḋ aiméar eile a ċailleaḋ, agus ligeann do Litir Ceanainn ḋul ar tús ins na gnóiṫí seo.

Aċ fiú aṁáin go fóill, ḃeaḋ seans fá ċoinniḃ teaċ ósta mór ins na Rosa; teaċ ósta den ċineál céanna agus atáṫar a' braṫ a ṫógáil anois i Litir Ceanainn. Aċ, ní ionad ceart ar biṫ Litir Ceanainn, fá ċoinniḃ turasóireaċt san Iarṫar. Ḃfuil luċt gnóṫa ar biṫ fá na Rosa, nó Gaoṫ Doḃair, nó Iarṫar Ḋún na nGall, a dtig leo feiceáil níos fuide rompa ná bárr a ngaoṫsáin?

CUIṀNEAĊAN 1916 NDÚN NA NGALL

Ag cruinniú i mBalaċ Féiċ ar na mallaiḃ, labair Seán Ó hEigne, Glean Colmcille, Rúnaí Condae Náisiúnta Cuiṁneaċán fá ċoṁ táḃaċtaċ agus a bí sé go mbeaḋ cuiṁneaċán ceart ar Éirí Amaċ 1916 an ḃliain seo ċugainn.

Tá na pleananna ag dul 'un tosaiġ ċeana féin, fá ċoinniḃ an cuiṁneaċán seo i nDún na nGall.

Ar an 30ú lá den ṁí seo beiḋ céilí mór ag an Coiste Náisiúnta Cuiṁneaċán insan halla Ḃutt. 7 beiḋ Aoḋ Mac an tSaoir, Doire, os cionn coiste Ḋún na nGall, agus ceann-ceaṫrún ar na poblaċta úr mar aoi-ċainteoir ag an céilí.

CUIṀNEAĊÁN ÓGLAĊ 1916

Ḃí coiste ag obair i nGaillim le tamall ó ṡoin, le leaċt cuiṁneaċáin, a ṫógáil do Óglaiġ 1916 Ṫug siad £1,100 fána ċoinniḃ, 7 bí siad ag súil le £650 a ḟáil ó Ḃord Fáilte, mar is tarraingt turasóireaċta a ḃéas insan ċasán cois aḃann, a mbeiḋ an leaċt mar cuid de. Anois, ṫáinig scéala naċ raiḃ Ḃord Fáilte ċun pín ar biṫ a ṫaḃairt agus beiḋ ar an ċoiste £650 eile a ċruinniú, nó an leaċt a ḟágáil gan ṫógáil.